Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022
(OR. en)

5360/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0012 (NLE)**

LIMITE

CORLX 28
CFSP/PESC 43
RELEX 42
FIN 31

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis |

**RIALACHÁN (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011**
**a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/72/CFSP ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis[1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 28, 2.2.2011, lch. 62.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011ón gComhairle[1], cuirtear calcadh sócmhainní de bhun Chinneadh 2011/72/CFSP i gcoinne daoine agus eintitis áirithe a aithníodh mar dhaoine nó mar eintitis atá freagrach as míleithreasú chistí Stáit na Túinéise chun bhfeidhme.

(2) An .... ghlac an Chomhairle Cinneadh (CFSP) 2022/...[2+], lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CFSP a mhéid a bhaineann le coinníollacha ar a bhféadfar leanúint de chistí duine éagtha a chalcadh.

(3) Tagann an leasú sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomh rialála ar leibhéal an Aontais chun é a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú sna Ballstáit go léir.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 31, 5.2.2011, lch. 1).

2 Cinneadh (CFSP) 2022/... ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CFSP a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe i gcoinne daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (OJ L …).

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm agus sraithuimhir ST 5358/2022 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leanas:

(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 2a*

I gcás éag duine a liostaítear in Iarscríbhinn I:

(a) i gcás ina ndearnadh ciontú coiriúil i leith míleithreasú cistí Stáit i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh go dtí go ndéanfar orduithe cúirte chun cistí an Stáit míleithreasaithe a aisghabháil agus go dtí go ndéanfar íoc fíneálacha a fhorghníomhú;

(b) i gcás nach ndearnadh aon chiontú coiriúil den sórt sin i gcoinne an duine sin sular éag sé nó sí, leanfar de na cistí agus de na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú a chalcadh ar feadh tréimhse réasúnach ama, faoi réir Airteagal 12(5). Má thionscnaítear caingean shibhialta nó riaracháin laistigh den tréimhse sin chun cistí Stáit míleithreasaithe a aisghabháil, fanfaidh na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha ba leis an duine sin nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú calctha go dtí go ndíbhfear an chaingean sin nó, má sheastar léi, go dtí go mbeidh ordú na cúirte chun na cistí míleithreasaithe a aisghabháil forghníomhaithe.';

(2) in Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Déanfaidh an Chomhairle an liosta in Iarscríbhinn I a leasú de réir mar is gá a luaithe a shuífidh sí nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2a maidir le calcadh cistí agus acmhainní eacnamaíocha ba leis an duine éagtha nó a bhí faoina úinéireacht, ina sheilbh nó faoina rialú, nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*